# 8. Ceisteanna Coitianta

Ba cheart an CCanna seo a léamh in éineacht leis an doiciméad Forbhreathnú ar Chlár Samhraidh Bailebhunaithe 2026 - Téarmaí agus Coinníollacha do Thuismitheoirí, Múinteoirí, CRSanna agus Scoileanna.

**C1**. Is múinteoir mé. Tá spéis agam teagasc a dhéanamh i socrú grúpa beag. Cé mhéad uair teagaisc is féidir liom a chur ar fáil don ghrúpa seo agus cé mhéad uair a íocfar liom?

**F1**. Sa tábla seo a leanas, leagtar amach briseadh síos na n-uaireanta is féidir a chur ar fáil i suíomh comhroinnte.

| **Líon na leanaí a thacaíonn gach múinteoir dóibh** | **Líon na n-uaireanta sa tseachtain atá le bheith roinnte idir na leanaí rannpháirteacha i suíomh grúpa.** | **Number of hours paid** |
|---|---|---|
| **2** | 15 uair an chloig sa tseachtain roinnte ar feadh ceithre seachtaine (60 uair an chloig roinnte ar an iomlán) | 60 uair an chloig |
| **3** | 20 uair an chloig sa tseachtain roinnte ar feadh ceithre seachtaine (80 uair an chloig roinnte ar an iomlán ) | 80 uair an chloig |

**C2**. Is múinteoir/CRS mé. Nílim ar fáil chun teagasc a dhéanamh/tacaíocht cúraim a thabhairt ar feadh 4 seachtaine ar an gClár Samhraidh bailebhunaithe. Cad é an líon uaireanta is mó a chuirim teagasc/tacaíocht cúraim ar fáil?

**F2**. Is é leithdháileadh na n-uaireanta do gach leanbh incháilithe áit a gcuirtear teagasc/tacaíocht cúraim ar fáil 10 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Mura bhfuil tú ar fáil don fhéilire 4 seachtaine agus más tusa an t-aon mhúinteoir/CRS atá aimsithe ag na tuismitheoirí, laghdófar an líon is mó uaireanta teagaisc/tacaíochta cúraim is féidir leat a chur ar fáil ar bhonn pro rata (féach an tábla seo a leanas). Ní bheidh cead agat i gcás ar bith níos mó ná 10 n-uair an chloig teagaisc/tacaíochta cúraim in aghaidh na seachtaine a chur ar fáil d'aon leanbh amháin. Má dhéanann tú é sin, ní íocfar na huaireanta breise. Is é seo a leanas briseadh síos pro rata de na huaireanta:

| **Teagascóir/CRS ar fáil:** | **An líon is mór uaireanta is féidir a chur ar fáil ar bhonn 1:1** | **An líon is mór uaireanta is féidir a éileamh** |
|---|---|---|
| **1 seachtain amháin** | Seachtain 1 – 10 n-uair an chloig | 10 n-uair an chloig |
| **2 sheachtain amháin** | Seachtain 1 – 10 n-uair an chloig,<br>Seachtain 2 – 10 n-uair an chloig | 20 uair an chloig |
| **3 seachtaine amháin** | Seachtain 1 – 10 n-uair an chloig,<br>Seachtain 2 – 10 n-uair an chloig<br>Seachtain 3 – 10 n-uair an chloig | 30 uair an chloig |

| | | |
|---|---|---|
| **4 seachtaine** | Seachtain 1 – 10 n-uair an chloig,<br>Seachtain 2 – 10 n-uair an chloig<br>Seachtain 3 – 10 n-uair an chloig<br>Seachtain 4 – 10 n-uair an chloig | 40 uair an chloig |

---

**C3**. Is tuismitheoir mé. Níl mo leanbh ar fáil le páirt a ghlacadh sa chlár bailebhunaithe ach ar feadh 2 sheachtain. An féidir liom iarraidh ar theagascóir/CRS 40 uair an chloig a chur ar fáil ar feadh tréimhse 2 sheachtain?

**F3**. Mar atá thuas, mura féidir le do leanbh páirt a ghlacadh ach ar feadh 1 nó 2 sheachtain, níor chóir iarraidh ar theagascóirí/CRSanna níos mó ná 10 n-uair an chloig teagaisc/tacaíochta cúraim a chur ar fáil do gach seachtain atá siad ag obair. Níl sé i gceist go n-athchruthófar an lá scoile leis an gclár samhraidh bailebhunaithe.

---

**C4**. Is tuismitheoir mé. Tá múinteoir/CRS aimsithe agam ach níl sé/sí ar fáil chun teagasc/tacaíochta cúraim a chur ar fáil ar feadh 2 sheachtain/3 seachtaine. An féidir liom an dara múinteoir/CRS a fhostú chun na huaireanta atá fágtha a sheachadadh?

**F4**. Is féidir, ar an gcoinníoll nach dtéann na huaireanta ar an iomlán a sheachadtar in aghaidh na seachtaine thar an uastairseach leagtha amach sa tábla thuas.

---

**C5**. Is tuismitheoir mé. An gá go mbeidh an clár ar siúl i rith mhí lúil agus an gá go mbeidh na seachtainí i ndiaidh a chéile?

**F5**. Ní gá. Is féidir an clár a sheachadadh aon uair i rith laethanta saoire an tsamhraidh agus ní gá go mbeidh na seachtainí i ndiaidh a chéile.

---

**C6**. Is tuismitheoir mé. Cé mhéad uair an chloig teagaisc/tacaíochta cúraim is féidir le teagascóir/CRS a chur ar fáil in aon lá amháin do mo leanbh?

**F6**. Ar an gcoinníoll nach sáraítear an t-uastairseach de 10 n-uair an chloig, is féidir leis an teagascóir/CRS suas le 5 uair an chloig teagaisc/tacaíochta cúraim a chur ar fáil do leanbh incháilithe idir 9am agus 6pm in aon lá amháin.

---

**C7**. Is múinteoir/CRS mé. D'iarr tuismitheoir orm obair ar Lá Saoire Bainc/ar an Satharn/ar an Domhnach. An bhfuil cead agam obair ar na laethanta seo?

**F7**. Níl, ní féidir teagasc/tacaíocht cúraim a sheachadadh ar Lá Saoire Bainc ná ar an Satharn ná ar an Domhnach, ní dhéanfar íocaíocht má dhéantar teagasc/tacaíocht cúraim a sheachadadh ar na laethanta seo.

---

**C8**. An féidir teagasc a chur ar fáil ar líne?

**F8**. Ní féidir, is gá an teagasc a dhéanamh go pearsanta agus aghaidh ar aghaidh.

---

**C9**. Is múinteoir/CRS mé. Tá Clár Samhraidh bailebhunaithe á chur ar fáil agam do níos mó ná leanbh amháin. An bhfuilim i dteideal am taistil agus sosanna scíthe a éileamh?

**F9**. Níl, cé go moltar am iomchuí a chur i leataobh do shosanna scíthe agus le taisteal go dtí agus ó theach linbh incháilithe ó thaobh cursaí sláinte agus sábháilteachta de, ní mheastar gur am oibre é a leithéid d'am. Dá bhrí sin, ní féidir le teagascóir/CRS éileamh a dhéanamh ar am taistil ná ar shosanna scíthe.

---

**C10**. Is teagascóir/CRS/tuismitheoir/caomhnóir dleathach mé. An féidir leis an Roinn teagmháil a dhéanamh liom maidir le héileamh ar Chlár Samhraidh bailebhunaithe?

**F10**. Tá nósanna imeachta rialaithe inmheánacha i bhfeidhm ag an Roinn lena chinntiú go bhfuil éileamh á dhéanamh ar íocaíochtaí an Chláir Samhraidh ar líne leis an gcead atá curtha ar fáil ag an Roinn agus gur cloíodh i gceart le téarmaí agus le coinníollacha an chláir. Mar chuid de na socruithe seo déantar athbhreithniú ar shampla randamach d'éilimh ar íocaíochtaí go tréimhsiúil. Mura bhfreagraítear ceisteanna ag eascairt as a leithéid de sheiceáil beidh moill ar phróseáil an éilimh ar íocaíocht nó coinneofar siar é ina iomláine dá bharr.

---

**C11.** Is teagascóir/CRS/tuismitheoir/caomhnóir dleathach mé agus rinne mé botún leis an éileamh a cuireadh isteach, an féidir liom foirm éilimh leasaithe a chur isteach?

**F11.** De ghnáth, ní ghlacann an Roinn foirmeacha éilimh mar baineann sé de phróiseas na n-éileamh. Tá sé ríthábhachtach mar sin go ndéantar foirmeacha éilimh a sheiceáil go cúramach sula gcuirtear isteach iad.

---

**C12**. Is teagascóir mé, má tá teagasc duine le duine (1:1) á thabhairt agam do níos mó ná leanbh amháin, an bhfuil teorainn ar líon na n-uaireanta is féidir liom a sheachadadh in aghaidh na seachtaine nó in aghaidh an lae?

**F12**. Tá teorainn ann. Ní féidir le múinteoir ná le CRS níos mó ná 6 uair an chloig in aghaidh an lae a éileamh má tá teagasc á sheachadadh aige/aici do níos mó ná leanbh amháin i suíomh 1:1. Ní féidir níos mó ná 10 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine a éileamh do gach leanbh incháilithe.

---

**C13**. Is teagascóir/CRS mé. Chaill mé an fhoirm Dearbhaithe Reachtúil Bhailebhunaithe. An féidir liom an fhoirm Dearbhaithe Reachtúil Scoilbhunaithe a chur isteach?

**F13**. Ní féidir, má chuireann tú isteach an Dearbhú Reachtúil Scoilbhunaithe, ansin iarrfar ort an Dearbhú Reachtúil Bailebhunaithe (Cuid 3(B)) a chur isteach. Mura bhfuil an Dearbhú Reachtúil Bailebhunaithe agat, is féidir leat ceann a iarraidh ach ríomhphost a chur chuig homebasedsummerprogram@education.gov.ie.

---

**C14**. Is tuismitheoir/caomhnóir dleathach mé. Is múinteoir/CRS cáilithe mé freisin. An féidir liom teagasc/tacaíocht cúraim sa bhaile a chur ar fáil do mo leanbh féin ar an gClár Samhraidh bailebhunaithe?

**F14**. Ní féidir. Níl cead ag tuismitheoirí teagasc/tacaíocht cúraim sa bhaile a chur ar fáil do leanaí faoina gcúram faoin gClár Samhraidh Bailebhunaithe.

---

**C15.** Is teagascóir/CRS mé. An féidir liom an Clár Samhraidh baile-bhunaithe a chur ar fáil tar éis dom mo lá ag obair ar scoil a chríochnú?

**F15.** Is féidir, ar choinníoll go bhfuil an leanbh nó an duine óg atá ag fáil incháilithe don chlár Pasaithe sa Bhaile ar laethanta saoire an tsamhraidh, i.e. tá an scoil a bhronn an clár Baile Bhunaithe dúnta don samhradh.

---

**C16.** Is teagascóir/CRS mé. An féidir liom an Clár samhraidh a sheachadadh gan an litir chinnidh a bheith feicthe ag dearbhú incháilitheachta an mhic léinn?

**F16.** Níor cheart do theagascóir/CRS tacaíocht teagaisc/cúraim a sholáthar gan deimhniú/litir chinnidh an tuismitheora a fheiceáil ar dtús agus a bheith sásta go bhfuil an soláthar á sholáthar don leanbh/duine óg ceadaithe.

Sa chás go bhfuil tacaíocht teagaisc/cúraim seachadta agus go dtagann sé chun solais ina dhiaidh sin nár ceadaíodh áit ar an gclár don scoláire nó nár chuir an scoil iarratas isteach ar a shon, ní dhéanfar an t-éileamh íocaíochta gaolmhar a phróiseáil.

Tá sé ríthábhachtach mar sin agus táthar ag súil go gcinnteoidh teagascóirí/CRSanna é sin
(a) Go bhfeiceann siad an litir bhreithe/ríomhphost deimhnithe agus
(b) Baineann an deimhniú go soiléir leis an mac léinn a bhfuil tacaíocht teagaisc/cúraim á cur ar fáil aige/aici dó.

---

Is díreach sampla iad an méid thuas de na ceisteanna is coitianta. Má tá fiosrú agat a bhaineann leis an gClár Samraidh Bailebhunaithe nár freagraíodh thuas, féach ar cháipéis an Léargais Ghinearálta. Murar freagraíodh d'fhiosrú fós, déan teagmháil le Foireann an Chláir Samhraidh ar ríomhphost ag homebasedsummerprogram@education.gov.ie nó ar líne chabhrach an Chláir Samhraidh ag 090 648 4292.